# TUAIRISC AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2013

**CLÁR** **Lch**


| | |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA AIRGEADAIS | 1 - 2 |
| RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ | 3 |
| RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 4 - 6 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA | 7 |
| RÁITEAS GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN | 8 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 9 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 10 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 11 - 22 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA | 23 |
| ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS | 24 |

OLLSCOIL LUIMNIGH

TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA AIRGEADAIS

## 1 RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2013 de réir na formáide comhchuibhithe seo a aontaíodh go stairiúil, a d'fhorbair na hollscoileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhar lena chéile.

Tá sraith chomhdhlúite de ráitis airgeadais, bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo, á hullmhú freisin don bhliain dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2013. Cuimsíonn na ráitis seo gníomhaíochtaí fhochuideachtaí na hOllscoile, mar aon leis an bpríomhioncam agus an príomhchaiteachas atá leagtha amach sna ráitis airgeadais seo.

## 2 IONCAM ATHFHILLTEACH

Tháinig laghdú beag ar ioncam go €122.18 milliún ó €122.55 milliún.

Laghdaigh deontais Stáit iomlána ó €41.99 milliún go €36.73 milliún, laghdú 12.5%. Ba é an laghdú i gcostais phinsin ba chúis leis an laghdú seo den chuid is mó. Tháinig laghdú 2.0% ar an mbundeontas athfhillteach Stáit ó €27.0m go €26.3m. Tháinig méadú 6.6% ar ioncam ó tháillí na mac léinn ó €76.56 milliún go €81.58 milliún, rud a thaispeánann polasaí leanúnach an Stáit costas maoinithe na hearnála tríú leibhéal a aistriú ón Stát go dtí an mac léinn aonair.

Laghdaigh ioncam ó fhoinsí eile ó €4.00 milliún go €3.86 milliún, laghdú 3.6%, de bharr laghdú ar ioncam úis a bhí páirt-fhritháirithe ag ioncam ó phost maoinithe agus ag ioncam ó chláir éagsúla Springboard agus scileanna ICT.

## 3 CAITEACHAS AR SHEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS AR SHEIRBHÍSÍ LENA MBAINEANN

Laghdaigh caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí lena mbaineann ó €122.24 milliún go dtí €121.58 milliún, laghdú 0.5%.

## 4 TAIGHDE AR CONRADH AGUS TIONSCADAIL EILE FHÉINMHAOINITHE

Mhéadaigh ioncam ó Thaighde ar Conradh 3.8% ó €24.28 milliún go €25.20 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Fáiltítear roimh an aisghabháil leanúnach i leibhéil ioncaim taighde agus táthar ag súil gur féidir coinneáil leis an móiminteam seo nuair a leanfar le tionscadal Bernal a chur i bhfeidhm.

Tháinig méadú 11.2% ar an gcaiteachas ar thionscadail fhéin-mhaoinithe ó €9.19 milliún go €10.22 milliún. Tá an Ollscoil ag déanamh go leor de na gníomhaíochtaí stairiúla sa réimse seo a phríomhshruthú. Is ann don mhéadú mar gheall ar an ioncam a rinneadh ó chláir nua spriocdhírithe cosúil leis an gClár in Oideachas Múinteoirí Matamaitice mar aon le hioncam a bhaineann le bunú an Fhóraim Náisiúnta ar Theagasc agus ar Fhoghlaim.

## 5 CLÁR CAIPITIL

B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €17.0 milliún i rith na bliana; bhain €5.4 milliún le trealamh agus an chuid eile le talamh agus le foirgnimh. Is laghdú €3.4 milliún é seo ar an gcaiteachas iomlán caipitil an bhliain roimhe sin.

Caitheadh €2.9 milliún ar cheannach an Fhoirgnimh IBC agus talamh a bhain leis ó Fhorbairt Shionainne. Caitheadh €2.7 milliún ar Fhoirgneamh na Scoile Leighis Iarchéime agus ar Chóiríocht na Scoile Leighis a osclaíodh i mí Mheán Fómhair 2012.

Caitheadh €0.9 milliún ar thús a chur le tógáil Fhoirgneamh Thionscadal Bernal áit a mbeidh foirgneamh saotharlainne lán-trealmhaithe 7,459m$^2$ ar mhéid chun taighde deichniúr ollúnachtaí nua a chumasú.

Tá clár forbartha fisiciúla na hOllscoile á chur i bhfeidhm go rathúil de thoradh na gcistí thar a bheith suntasach atá á gcur ar fáil don Ollscoil ag foinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit.

## 6 CONCLÚID

Taispeánann táirgeacht airgeadais na bliana faoi athbhreithniú barrachas €599k agus laghdú san easnamh carnach go €0.9m. Léiríonn sé seo éacht shuntasach sa timpeallacht gheilleagrach dhúshlánach ina bhfuilimid ag feidhmiú faoi láthair.

Le linn na bliana gearradh rátaí pá mar chuid de chomhaontú Bhóthar Haddington. Chomh maith leis sin, bhí ar mhic léinn ranníocaíocht níos mó a íoc agus tháinig titim eile ar leibhéil na ndeontas stáit. Baineann dúshláin airgeadais agus oibríochtúla leis na hathruithe seo agus beidh ar an Ollscoil aird a dhíriú ar ioncam neamhstáit a ghiniúint agus ar rialú costas d'fhonn leanúint ar aghaidh le torthaí airgeadais chomh dearfach a bhaint amach.

Tá an Ollscoil tiomanta táirgeacht chomhardaithe a bhaint amach don bhliain dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2014 agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh a seacht ndícheall deireadh a chur leis an easnamh carnach atá fanta.

**John Field**
**An Stiúrthóir Airgeadais**
**4 Aibreán 2014**

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

### Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

Tá iallach ar an Ollscoil faoin gcomhaontú ar ghlac Ollscoileanna uile na hÉireann um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais leis na ceartchuntais gnáthacha ar fháltas agus ar chaiteachas airgid, ar chibé bealach ina n-éilíonn an Comhaontú.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Ollscoil;

- Polasaithe oiriúnacha atá ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais a roghnú agus a fheidhmiú go rianúil;
- Cinnte agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leantach mura bhfuil an bonn sin míchuí;

Tá an Ollscoil freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a léireoidh am ar bith stáid airgeadais na hOllscoile agus a aclaíonn é le deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaítear a chuid ráiteas airgeadais ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais. Tá an Ollscoil freagrach chomh maith as cosaint na sóchmhainní uile faoina rialú agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus ainrialtacht eile a chosc nó a bhaint amach.

Ullmhófar tacar ar leith ráiteas airgeadais le géilleadh do agus le teacht leis na gnáthphrionsabail cuntasóireachta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus sa R.A ar a shon gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don Údarás um Ard-Oideachas ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais.

D'ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht le téarmaí an ráitis freagrachta thuas agus dhein PricewaterhouseCoopers, iniúchóirí bainistíochta na hOllscoile iniúchadh orthu.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste is iniúchóir reachtúil don Ollscoil.

Thar ceann na hOllscoile

| | |
|---|---|
| Uachtarán | An Stiúrthóir Airgeadais |

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1. Ráitis Airgeadais

Léiríonn na ráitis airgeadais gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara na hOllscoile.

### 2. An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil talún agus foirgneamh a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir Armónú reatha Chomhaontú Cuntas Airgeadais a ghlacann Ollscoileanna na hÉireann ar fad. Ullmhófar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2013 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i bhformáid nua ar bhunús comhdhlúite agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

### 3. Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe

Aithnítear Deontais Atarlaithe ar bhonn fabhraithe.
Áirítear Deontais Atarlaithe sa Chúlchiste Ginearálta, a úsáideadh chun sócmhainní dochta a cheannach agus chun cuid chaipitil de na muirir léasa a mhaoiniú.

### 4. Deontais do Chaiteachas Caipitil

Áirítear Deontais Stáit agus Eile do chaiteachas caipitil sna ráitis airgeadais den tréimhse ag brath ar an méid airgid tirim a fuarthas.

### 5. Ioncam ó Tháillí

Déantar ioncam ó tháillí a chuntasú ar bhonn fabhraithe agus tuairiscítear ag leibhéil táillí an AE. Áirítear ioncam ó tháillí Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi Ioncam Eile. Áirítear aon ní breise eile os cionn an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí sna Cúlchuistí Srianta.

### 6. Ioncam Eile

Áirítear in Ioncam Eile muirear a thabhaítear ar thionscadail caipitil ar leith i ndáil leis an ioncam ó ús a fuair an Ollscoil cheana féin trí na tionscadail sin a mhaoiniú óna cistí féin. Toibhítear an muirear bunaithe ar an meán ráta úis a shaothraíonn an Ollscoil ar na taiscí agus bíonn sé mar chuid de chostas foriomlán an tionscadail chuí.

### 7. Leithroinntí Ceadaithe

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

i) Caiteachas neamhphá ranna acadúla agus ranna seirbhísí ar leith.
ii) Trealamh Ranna agus Mion-oibreacha.

Sna cásanna sin tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Chomhardaithe faoi Shócmhainní Reatha nó Dliteanais, mar is cuí.

**8. Sócmhainní Dochta agus Dímheas**

Luacháladh talamh ar an úsáid reatha a baineadh as amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag luach €126,974 in aghaidh an acra. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas.

Luacháiltear Foirgnimh, a fuarthas agus a tógadh roimh 1 Deireadh Fómhair 1998, ar bhunús úsáid reatha ag costas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach slat cearnach. Luacháiltear foirgnimh, a raibh cuid acu tógtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag an gcostas iarbhír. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas. Dímheastar gach foirgneamh mar atá luaite thíos.

Nuair a bhaineann le hábhar, ní dhéantar caipitlú mar chuid de na sócmhainní sin na costais airgeadais a bhaineann go díreach le tógáil talún agus foirgneamh. Más léir ó imeachtaí nó ó athruithe ar chúinsí nach mbeadh suim iompair sócmhainn seasta in-aisghábhála déantar athbhreithniú ar lagú na sócmhainne sin.

Léirítear Trealamh, Daingneáin agus Fearais ag costas lúide carnú dímheasa. Déantar díscríobh go dtí an cuntas ioncam agus caiteachais sa bhliain ina bhfaightear iad ar mhíreanna trealaimh a chosnaíonn níos lú ná €25,000 an ceann.

Tá saol úsáideach measta sócmhainní dochta le tagairt don dímheas a ríomhtar faoin modh dronlíneach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain |
| Trealamh agus Troscán | Suas le 10 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Sócmhainní ar Léas | 5 bliain nó tréimhse an léasa má bhíonn sin níos lú |

Áirítear leis na méideanna athluacháilte foirgnimh ar leith, a mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an chéad uair.

**9. Caiteachas Caipitil a fhaightear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc**

Muirearítear Caiteachas Caipitil, a mhaoinítear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc, in aghaidh ioncaim sa bhliain a tabhaíodh an caiteachas. Cuirtear an caiteachas chun sochair an Chúlchiste Ghinearálta freisin, a léirítear mar chuid de Shócmhainní Dochta agus dímheastar é de réir an Bheartais Chuntasaíochta atá léirithe thuas.

**10. Sócmhainní ar Léas**

Áirítear costas Sócmhainní Dochta a fuarthas faoi léasanna airgeadais i Sócmhainní Dochta agus díscríobhtar thar saol úsáideach na sócmhainní ag na rátaí atá leagtha amach sa bheartas thuas, nó thar thréimhse an léasa, cibé is lú.

**11. Cúlchiste Ginearálta**

Seasann an Cúlchiste Ginearálta do luach maoinithe, tar éis amúchta, a fheidhmítear do chríocha caipitil in éineacht leis an gcúlchiste a ghintear ar athluacháil foirgnimh agus an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha.

**12. Deontais agus Tionscadail Taighde**

Léirítear caiteachas taighde conartha glan ó ranníoc do chostais indíreacha. Áirítear ioncam ó dheontais taighde conartha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an méid a thabhaítear an caiteachas gaolmhar. Áirítear ranníoc taighde conartha do chostais indíreacha na hOllscoile agus áirítear iad in Ioncam Eile.

**13. Pinsin**

Bronnann Ollscoil Luimnigh Scéim Aoisliúntais sochair aoisliúntais a cheadaítear. Bíonn na scéimeanna, a sholáthraíonn sochair shainmhínithe, neamhmhaoinithe agus faightear sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Dá réir sin, ní sholáthraíonn na ráitis airgeadais do dhliteanais na hOllscoile i ndáil le ranníoca a dhéanann comhaltaí na scéime nó do dhliteanas aoisliúntais achtúireach do chomhaltaí na scéime. Níor glacadh le ceanglais nochtaithe an chaighdeáin chuntasaíochta FRS17 'Sochair Scoir', a eisíodh le déanaí, sna ráitis airgeadais sin a chuirtear i láthair de réir na formáide 'Armónú Cuntas' arna nglacadh ag gach Ollscoil Éireannach. Baineann ciallachais ag FRS 17 don Earnáil Phoiblí go ginearálta, ciallachais atáthar ag déanamh machnamh orthu faoi láthair.

**14. Airgeadra Coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amhail an dáta ar an gClár Comhardaithe. Déileáiltear leis na brábúis nó caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu ain laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**15. Cánachas**

Níl aon fhoráil déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

**16. Seirbhísí Coimhdeacha**

Is éard is Seirbhísí Coimhdeacha ann ná seirbhísí a sholáthraítear ar an gcampus, ar bhonn aisghabháil costais agus a bhíonn leagtha amach le cothromú amach sa mheánthéarma. Aistrítear an glan aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gCúlchiste Ginearálta.

**17. Cúlchistí Srianta**

Áirítear le Cúlchistí Srianta an chuid neamhúsáidte de chistí a chuirtear ar fáil don Ollscoil do chríocha sainmhínithe.

**18. Coláiste Mhuire Gan Smál**

De réir an meabhrán tuisceana idir an Ollscoil agus Coláiste Mhuire Gan Smál, a leagann amach téarmaí an naisc idir an dá institiúid, aistrítear cistí a fhaigheann an Ollscoil thar ceann Coláiste Mhuire Gan Smál láithreach tar éis iad a fháil.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Stáit | 1 | 36,734 | 41,989 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 81,584 | 76,557 |
| Ioncam Eile | 3 | 3,858 | 4,004 |
| | | 122,176 | 122,550 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 35,419 | 33,476 |
| | | 157,595 | 156,026 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 7,716 | 11,470 |
| Táillí Mac Léinn | | 8,053 | 8,521 |
| Lúide an méid a aistríodh chuig Coláiste | | (15,769) | (19,991) |
| **Iomlán** | | **157,595** | **156,026** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláistí agus Ranna | 5 | 66,930 | 67,134 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 9,699 | 9,186 |
| Áitreabh | 7 | 12,846 | 12,495 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 8 | 1,425 | 1,207 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 9 | 14,428 | 12,334 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 2,580 | 1,875 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 3,701 | 3,374 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 9,968 | 14,631 |
| | | 121,577 | 122,236 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 35,419 | 33,476 |
| **Iomlán** | 13 | **156,996** | **155,712** |
| **Barrachas ar ghníomhaíochtaí roimh amúchadh ar Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Dochta** | | **599** | **314** |
| (Easnamh)/Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha | 14 | **(168)** | **567** |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 15 | **(11,735)** | **(11,275)** |
| Gluaiseacht Cúlchiste Ginearálta | 16 | **11,903** | **10,708** |
| **BARRACHAS GLAN don bhliain** | 24 | **599** | **314** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

## RÁITEAS GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| BARRACHAS don bhliain | 599 | 314 |
| **Iomlán gnóthachain agus caillteanais aitheanta a bhaineann leis an mbliain** | **599** | **314** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

**CLÁR COMHARDAITHE** **AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 373,067 | 367,860 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 6,334 | 6,275 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 83,059 | 80,787 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 8,655 | 6,575 |
| | | 91,714 | 87,362 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe | 21 | (100,682) | (93,159) |
| **GLANDHLITEANAIS REATHA** | | (8,968) | (5,797) |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | |
| Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin | 27 | (9,397) | (10,486) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **361,036** | **357,852** |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 337,684 | 334,715 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 24,256 | 24,640 |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | (904) | (1,503) |
| | | **361,036** | **357,852** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

| | NÓTAÍ | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **25** | 2,808 | 5,933 |
| **AISCHUR Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS** | | | |
| (Glan) Ús Faighte | | 1,534 | 2,338 |
| **CAITEACHAS CAIPITIL** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a fháil | | (16,969) | (20,340) |
| Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Dochta Inláimhsithe | | (1) | 1 |
| **(EIS-SREABHADH) AIRGID ROIMH AIRGEADÚ** | | (12,628) | (12,068) |
| **AIRGEADÚ** | | | |
| Deontais Chaipitil HEA | | 979 | 9,336 |
| Neamhfháltais Caipitil HEA | | 13,921 | 8,377 |
| **INSREABHADH AIRGID Ó AIRGEADÚ** | | 14,900 | 17,713 |
| **GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID TAR ÉIS AIRGEADÚ** | | 2,272 | 5,645 |
| **MÉADÚ IN AIRGEAD TIRIM AGUS CÓIBHÉISEACHA** | **28** | 2,272 | 5,645 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**NÓTA 1**

**DEONTAIS STÁIT**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Deontas Atarlaithe | 26,337 | 26,999 |
| Deontas Pinsin | 9,968 | 14,631 |
| Sprioc-Mhaoiniú do Thionscnaimh Speisialta | 369 | 296 |
| Mion-oibreacha | 60 | 63 |
| **Iomlán** | **36,734** | **41,989** |

**NÓTA 2**

**TÁILLÍ MAC LÉINN**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Táillí Mac Léinn | 80,601 | 75,561 |
| Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheach | 983 | 996 |
| **Iomlán** | **81,584** | **76,557** |

**Nóta 3**

**IONCAM EILE**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte | 1,648 | 2,401 |
| Poist Maoinithe | 611 | 0 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 1,599 | 1,593 |
| Ranníoca | | |
| Ioncam Ilghnéitheach | 0 | 10 |
| **Iomlán** | **3,858** | **4,004** |

**NÓTA 4**

**CLÁIR THAIGHDE AR CHONRADH AGUS TOGRAÍ EILE FÉINCHISTITHE**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 25,196 | 24,282 |
| Tograí Eile Féinchistithe | 10,223 | 9,194 |
| **Iomlán** | **35,419** | **33,476** |

## NÓTA 5

## COLÁISTÍ AGUS RANNA

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Acadúil | 45,010 | - | 45,010 | 45,333 |
| Teicniúil | 3,219 | - | 3,219 | 3,185 |
| Tacaíocht Riaracháin | 9,286 | - | 9,286 | 7,395 |
| Amhábhair agus Speansais | - | 9,307 | 9,307 | 11,103 |
| Ilghnéitheach | - | 108 | 108 | 118 |
| **Iomlán** | **57,515** | **9,415** | **66,930** | **67,134** |

## NÓTA 6

## SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS EILE

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Leabharlann | 1,996 | 2,053 | 4,049 | 3,912 |
| Teicneolaíocht an Eolais | 2,463 | 1,200 | 3,663 | 3,317 |
| Oideachas Comhoibritheach agus an Rannán Gairme | 1,078 | 909 | 1,987 | 1,957 |
| **Iomlán** | **5,537** | **4,162** | **9,699** | **9,186** |

## NÓTA 7

## ÁITREABH

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothú Áitribh | 1,794 | 4,158 | 5,952 | 5,796 |
| Seirbhísí Ginearálta | 91 | 3,612 | 3,703 | 3,867 |
| Mion-Oibreacha | - | 52 | 52 | 287 |
| Árachas | - | 365 | 365 | 354 |
| Costais Fhuinnimh | - | 2,774 | 2,774 | 2,191 |
| **Iomlán** | **1,885** | **10,961** | **12,846** | **12,495** |

## NÓTA 8

## MÉID LEITHROINNTE DO CHRÍOCHA CAIPITIL

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tionscadail Chaipitil | - | 1,425 | 1,425 | 1,179 |
| Trealamh | - | - | - | 28 |
| **Iomlán** | **-** | **1,425** | **1,425** | **1,207** |

**NÓTA 9**

**LÁR RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Foireann | 6,825 | - | 6,825 | 6,850 |
| Seirbhísí agus Amhábhair | - | 6,643 | 6,643 | 4,992 |
| Muirir Ghairmiúla | - | 184 | 184 | 68 |
| Ilghnéitheach | - | 776 | 776 | 424 |
| **Iomlán** | **6,825** | **7,603** | **14,428** | **12,334** |

**NÓTA 10**

**CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Speansais Scrúdaithe | 232 | 245 | 477 | 517 |
| Scoláireachtaí/ Deontais/Tarscaoileadh | - | 1,336 | 1,336 | 773 |
| Costais Ilghnéitheacha | 204 | 563 | 767 | 585 |
| **Iomlán** | **436** | **2,144** | **2,580** | **1,875** |

**NÓTA 11**

**SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontais Chaipitlíochta agus Eile | - | 1,010 | 1,010 | 994 |
| Spóirt agus Áinéas | 419 | 105 | 524 | 534 |
| Sláinte agus Comhairleoireacht | 665 | 57 | 722 | 724 |
| Seirbhísí Pearsanra Mac Léinn | 1,247 | 198 | 1,445 | 1,122 |
| **Iomlán** | **2,331** | **1,370** | **3,701** | **3,374** |

**NÓTA 12**

**CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pinsin | 9,968 | - | 9,968 | 14,631 |
| **Iomlán** | **9,968** | **-** | **9,968** | **14,631** |

**NÓTA 13**

**COMHDHÉANAMH AN CHAITEACHAIS IOMLÁN**

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Acadúla agus Gaolmhara | 84,497 | 37,080 | 121,577 | 122,236 |
| Taighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 14,601 | 20,818 | 35,419 | 33,476 |
| **Caiteachas Iomlán** | **99,098** | **57,898** | **156,996** | **155,712** |

## NÓTA 14

## SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA

| | Ioncam | Caiteachas | 2013 Barrachas / (Easnamh) | 2012 Barrachas / (Easnamh) |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Seirbhísí Athghrafacha | 292 | (209) | 83 | 3 |
| An tIonad Náisiúnta Oiliúna agus Traenála | (129) | (458) | (587) | 657 |
| Ionad Gníomhaíochta Killaloe | 299 | 37 | 336 | (93) |
| **Gluaiseacht ar Sheirbhísí Coimhdeacha** | **462** | **(630)** | **(168)** | **567** |

## NÓTA 15

## DÍMHEAS AR SHÓCMHAINNÍ DOCHTA

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 8,254 | 8,092 |
| Trealamh | 3,481 | 3,183 |
| **Iomlán** | **11,735** | **11,275** |

## NÓTA 16

## GLUAISEACHT CÚLCHISTÍ GINEARÁLTA

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Amúchadh ag teacht le Dímheas | 11,735 | 11,275 |
| Easnamh/(Barrachas) Seirbhísí Coimhdeacha chuig an gCuntas Cúlchiste Ginearálta | 168 | (567) |
| **Iomlán** | **11,903** | **10,708** |

## NÓTA 17

| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Talamh & Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Sócmhainní ar léas €'000 | 2013 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2012** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 240,610 | 45,192 | 551 | 286,353 |
| | **430,918** | **45,192** | **551** | **476,661** |
| **Breiseanna:** | | | | |
| Breiseanna | 11,596 | 5,373 | - | 16,969 |
| Diúscairtí | - | (661) | (15) | (676) |
| | 11,596 | 4,712 | (15) | 16,293 |
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2013** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 252,206 | 49,904 | 536 | 302,646 |
| **Iomlán** | **442,514** | **49,904** | **536** | **492,954** |
| **Dímheas** | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2012** | (79,496) | (28,754) | (551) | (108,801) |
| Diúscairtí | - | 634 | 15 | 649 |
| Dímheas don bhliain | (8,254) | (3,481) | - | (11,735) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2013** | **(87,750)** | **(31,601)** | **(536)** | **(119,887)** |
| **Glan Luach Leabhair 2012** | **351,422** | **16,438** | **-** | **367,860** |
| **Glan Luach Leabhair 2013** | **354,764** | **18,303** | **-** | **373,067** |

## NÓTA 18

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | | |
| Infheistíochtaí | 6,334 | 6,275 |
| **Iomlán** | **6,334** | **6,275** |

Go príomhúil, áirítear ar na méideanna seo cistí a chuirtear i dtaisce ar bhonn méantéarmach/fadtéarmach i ndáil le tionscadail chaipitil sainiúla. Luaitear na méideanna seo ag costas.

## NÓTA 19

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| **FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Cláir Thaighde ar Chonradh & Tograí Eile Féinchistithe | (500) | (400) |
| Iarmhéideanna Féichiúnaithe | 2,777 | 2,671 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí eile | 6,378 | 4,304 |
| **Iomlán** | **8,655** | **6,575** |

## NÓTA 20

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| **IONCAM CAIPITIL AGUS CAITEACHAS CHAIPITIL** | | |
| **IONCAM** | | |
| Deontas ó HEA | 979 | 9,336 |
| Deontais ó Dheontóirí Príobháideacha | 3,009 | 761 |
| Ioncam Caipitil - Foinsí Eile | 9,487 | 6,409 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Reatha | 1,425 | 1,207 |
| **Iomlán** | **14,900** | **17,713** |
| **CAITEACHAS** | | |
| Talamh/Foirgnimh | 11,596 | 15,945 |
| Trealamh | 5,373 | 4,395 |
| **Iomlán** | **16,969** | **20,340** |
| **Easnamh don bhliain** | (2,069) | (2,627) |
| **Easnamh ag tús na bliana** | (33,933) | (31,306) |
| **Easnamh ag deiridh na bliana** | **(36,002)** | **(33,933)** |

## NÓTA 21

## CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 46,546 | 35,415 |
| Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe a fuarthas roimh ré. | 4,258 | 7,466 |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 18,294 | 19,027 |
| Iasachtaí Bainc (Nóta 27) | 1,553 | 1,903 |
| Creidiúnaithe agus Fabhraithe eile | 30,031 | 29,348 |
| **Iomlán** | **100,682** | **93,159** |

Tá €15.691m (2012: €12.156m) san áireamh i gCreidiúnaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2013 i ndáil le tiomantais fhabhraithe do chaiteachas neamhphá i Ranna Acadúla agus i Seirbhísí Leabharlann.

## NÓTA 22

| Cúlchiste Ginearálta | 2012 Iarmhéid Tosaigh €'000 | Gluaiseacht Bliain Reatha €'000 | 2013 Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 157,328 | - | 157,328 |
| Trealamh Taighde | 19,500 | 4,079 | 23,579 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 136,232 | 979 | 137,211 |
| Aistriú Maoiniú Atarlaithe | 40,368 | 1,425 | 41,793 |
| Deonacháin Chaipitil | 77,582 | 3,009 | 80,591 |
| Eile | 12,506 | 4,563 | 17,069 |
| | **443,516** | **14,055** | **457,571** |
| Amúchadh | | | |
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 5,221 | - | 5,221 |
| Trealamh Taighde | (2,881) | - | (2,881) |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas Sócmhainní | (148,569) | (11,735) | (160,304) |
| Lúide Amúchadh Carntha ar Dhiúscairtí | 37,428 | 649 | 38,077 |
| **Iomlán** | **334,715** | **2,969** | **337,684** |

## NÓTA 23

## CÚLCHISTÍ SRIANTA

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 24,640 | 24,464 |
| Ús ó Tobhaigh Mac Léinn agus Ioncam Eile (Glan) | (384) | 176 |
| **Iarmhéid amhail deiridh na bliana** | **24,256** | **24,640** |

Áirítear leis na cistí sin airgead a leithroinn an Ollscoil chun raon forbairtí caipitil a mhaoiniú lena n-áirítear Foirgneamh Il-chríocha Spóirt agus Ionad Mac Léinn

## NÓTA 24

## CÚLCHISTE IONCAIM

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | (1,503) | (1,817) |
| Barrachas don bhliain | 599 | 314 |
| **Iarmhéid amhail dheiridh na bliana** | (904) | (1,503) |

## NÓTA 25

## GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 599 | 314 |
| Lúide Ús Infhaighte | (1,534) | (2,338) |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 11,735 | 11,275 |
| Amúchadh Cúlchistí Ginearálta | (11,735) | (11,275) |
| (Easnamh)/Barrachas i Seirbhísí Coimhdeacha | (168) | 567 |
| (Méadú) ar Infheistíochtaí | (59) | (15) |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí | (2,080) | 2,269 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhruithe | 7,523 | 6,315 |
| (Laghdú) ar Dhliteanais Fad-Téarmacha | (1,089) | (1,355) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chúlchistí Srianta | (384) | 176 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | 2,808 | 5,933 |

## NÓTA 26

## ANAILÍS AR ATHRUITHE I NGLAN-CHISTÍ

| | Amhail an 30 Meán Fómhair 2012 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Amhail an 30 Meán Fómhair 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | 80,787 | 2,272 | 83,059 |
| Iasachtaí Bainc | (12,389) | 1,439 | (10,950) |
| **Iomlán** | 68,398 | 3,711 | 72,109 |

## NÓTA 27

## IASACHTAÍ BAINC

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 21) | 1,553 | 1,903 |
| Dlite i níos mó ná bliain amháin, ach nach mó ná dhá bhliain | 906 | 1,089 |
| Dlite i níos mó ná dhá bhliain, ach nach mó ná cúig bliana | 3,220 | 2,963 |
| Dlite i níos mó ná cúig bliana | 5,271 | 6,434 |
| Iomlán dlite i níos mó ná bliain amháin | 9,397 | 10,486 |
| **Iomlán** | 10,950 | 12,389 |

Tá na hiasachtaí thuas faoi ualach úis ach níl aon urrús ceangailte leis na hiasachtaí sin.

## NÓTA 28

### ANAILÍS AR NA HATHRUITHE IN AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHÓIBHÉISEACHA AIRGID TIRIM

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 80,787 | 75,142 |
| Glan-Insreabhadh Airgid | 2,272 | 5,645 |
| **Iarmhéid ag deiridh na bliana** | **83,059** | **80,787** |

## NÓTA 29

### PINSEAN

Muirearítear pá agus tuarastail glan ó ranníoca pinsin fostaithe (ba iad na ranníoca iomlán mar sin sa tréimhse ná €4.218m (2012: €4.202m) agus íoctar sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Bhí luach €9.968m (2012: €14.631m) i bpinsin a íocadh sa bhliain a áireamh i gcaiteachas ilghnéitheach.

| **Cuntas Rialaithe Pinsean** | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh** | 0 | - |
| **Ioncam** | | |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | 1,255 | 1,331 |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | 603 | 799 |
| Aistrithe Pinsean isteach | - | - |
| Forlíonadh Ioncaim | - | - |
| Eile | 8,110 | 12,501 |
| **Ioncam iomlán** | 9,968 | 14,631 |
| **Caiteachas** | | |
| Pinsean á íoc (forlíonadh san áireamh) | 9,231 | 8,767 |
| Íocaíochtaí cnapshuime ar scor | 742 | 5,947 |
| Íocaíochtaí 'bás le linn seirbhíse' | - | - |
| Aistrithe pinsean amach (íocaíochtaí airgid thirim) | - | - |
| Aisíoc ranníocaíochtaí | 103 | 356 |
| Riarachán & Costais Eile | - | - |
| Ioncam i ndáil le blianta breise a cheannach | (108) | (439) |
| **Caiteachas Iomlán** | 9,968 | 14,631 |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | 0 | 0 |
| **Iarmhéid Deiridh - Deontas infhaighte ó/(iníoctha leis) an HEA** | **0** | **0** |

## NÓTA 30

### TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Ar Chonradh amhail an 30 Meán Fómhair | 11,085 | 2,754 |
| Údaraithe ach gan conradh amhail an 30 Meán Fómhair | 28,947 | 35,411 |

Tá tiomantais ag an Ollscoil ag teacht as foirgnimh áirithe atá maoinithe ag airgeadú cáin-bhunaithe le luach €815k laistigh den tréimhse 1 blian.

## NÓTA 31

## DLITEANAS TEAGMHASACH

Ní raibh aon dhliteanais theagmhasacha ann amhail an dáta ar an gclár comhardaithe.

## NÓTA 32

## PÁIRTITHE GAOLMHARA

Oibríonn Plassey Campus Centre Ltd., cuideachta gaolmhar teoranta le ráthaíocht, mar chuideachta shealbhaíochta agus riartar raon saoráidí ar campus.

Is fochuideachta ar lán-úinéireacht í Plassey Campus Developments Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd. Is í an phríomhghníomhaíocht a bhíonn aige ná ag fáil conarthaí agus ag forbairt maoine ag an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Is fochuideachtaí lán-úinéireachta iad Plassey Trust Company Ltd., agus Kilmurray Village Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd., agus is cuideachtaí iad atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as riaradh a dhéanamh ar chóiríocht I sráidbhaile na mac léinn.

Is cuideachta gaolmhar é Foundation Ollscoil Luimnigh atá teroanta ag ráthaíocht. Is iad na cuspóirí atá ag an Foundation ná, taighde agus oideachas a chur ar aghaidh go ginearálta, go háirithe taighde agus oideachas a dhéanann Ollscoil Luimnigh agus comhlachtaí oideachais, taighde agus forbartha eile, a bhfuil baint acu le hOllscoil Luimnigh agus iad sa tóir ar oideachas, teagasc agus taighde.

Is fochuideachta lán-úinéireachta í Plassey Campus Arena Ltd. de chuid Plassey Campus Centre Ltd., atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as oibríocht agus bainistiú Airéine na hOllscoile.

Tháinig Ceoláras na hOllscoile Teoranta chun cinn mar fhochuideachta faoi lánúinéireacht Plassey Campus Centre Ltd ar 31 Iúil 2012.

Tacaíonn Ceoláras na hOllscoile Teoranta le hOllscoil Luimnigh agus le forais oideachasúla eile i gcur chun cinn na n-ealaíon agus an cheoil do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne.

## NÓTA 33

## IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ba é Plassey Campus Developments Ltd. an príomhchonraitheoir a raibh baint acu le conarthaí forbartha maoine leanúnacha le €3,485,341 in iomlán sa bhliain (2012: €15,718,677) thar ceann Ollscoil Luimnigh. Tá ionadaithe ón Ollscoil mar chomhaltaí de Plassey Campus Centre Ltd.
Amhail an dáta ar an gclár comhardaithe bhí €419,342 (2012: €1,507,407) gan íoc i ndáil le hobair chonartha mar sin.

## NÓTA 34

## ÚSÁID FUINNIMH

### Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2012/2013

Tá Ollscoil Luimnigh suite ar shuíomh 137.5 heicteár a chuimsíonn spás teagaisc agus staidéir, spás oifige, áiseanna taighde, cóiríocht do mhic léinn agus áiseanna spóirt lena n-áirítear linn snámha 50m agus os cionn 38,000$m^2$ de pháirceanna Astroturf faoi thuilsoilse. Úsáidtear an fuinneamh ar fad ar an gcampas chun cumhacht agus teas a chur ar fáil do na foirgnimh/áiseanna sin. Tá Foirgneamh Bernal á thógáil faoi láthair agus cuirfidh sé 10,000$m^2$ breise le spás tógtha an champais agus úsáidfear é chun cur le taighde na hOllscoile sa sféar innealtóireachta agus eolaíochta feidhmí.

## NÓTA 34

## ÚSÁID FUINNIMH – ar lean

In 2012/2013, d'úsáid Ollscoil Luimnigh 44.2 GWh fuinnimh, a chuimsigh:

- 20.8 GWh leictreachais.
- 23.4 GWh breosla iontaiseach i bhfoirm gás nádúrtha (23.32 GWh) agus bulcphrópáin (0.08 GWh).

In 2012/2013 bhí a gcéad bhliain iomlán feidhme ag trí fhoirgneamh/áis (i.e. foirgneamh agus páirceanna an Phailliúin, an Scoil Leighis agus árasáin na Scoile Leighis). In éineacht le 23% lá céime teasa sa bhreis (i.e. tomhas comparáideach ar chomh fuar is atá an aimsir) tháinig méadú ar ídiú gáis agus leictreachais i gcomparáid le 2011/2012.

**Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in 2012/2013**

- Cuireadh tús le tionscnamh "an Champais Ghlais". Cur chuige bunaithe ar Chóras Éiceabhainistíochta agus Éiciniúchóireachta is ea an "Campas Glas" lena n-áirítear modheolaíocht seacht gcéim atá ag teacht le caighdeán córais comhshaoil ISO 14001:2000. Déanann an Campas Glas iarracht gach earnáil de phobal an champais a áireamh ina fheabhsúchán agus bainistíocht comhshaoil. Chuige sin, tá roinnt grúpaí mac léinn ag tabhairt faoi thionscadail ar son Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát chun fáil amach conas a úsáideann úsáideoirí an champais an spás ó pheirspictíocht fuinnimh de agus freisin chun na baic a bheadh roimh fheachtas feasachta fuinnimh a chur i bhfeidhm a aithint.
- Tá clár sócmhainní de phumpaí ar ghaothráin chomh maith leis an bhfuinneamh a ídíonn siad curtha le chéile agus cabhróidh sé seo le tús áite a thabhairt dá n-athsholáthar agus le príomhthrealamh ídithe fuinnimh a aithint, foirgneamh ar fhoirgneamh.
- Tá uasghrádaithe suntasacha déanta chun feidhmiú BMS a dhéanamh níos éasca. Áirítear orthu seo scáileáin "At a Glance" a éascaíonn rialú méadaithe ar fhearas agus ar threalamh, agus fabhtcheartú.
- Athraíodh ranganna a bhí ar siúl taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige (i.e. tar éis 6pm agus ag an deireadh seachtaine) a bhíodh ar siúl i bhfoirgnimh nach raibh tíosach ar fhuinneamh go dtí foirgnimh a bhí níos tíosaí ar fhuinneamh ar feadh seimeastar amháin, bhain coigilteas 212,000kWh in ídiú gáis leis an mbeart seo. Táthar ag leanúint leis an tionscnamh seo anois.
- Críochnaíodh tionscnaimh choigilte fuinnimh a raibh deontas faighte ag an Ollscoil ina leith ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann in 2011/2012 agus coiglíodh thart ar 750,000kWh sa bhliain dá mbarr. Seo a leanas na tionscnaimh a tugadh chun críche:
  - Uasghrádú ar aeráil mheicniúil agus ar insliú in Áras Schrodinger, a mheastar a mbeidh coigilteas 500,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
  - Uasghrádú ar shoilsiú san Airéine, a mheastar a mbeidh coigilteas 94,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
  - Uasghrádú ar choirí sna Stables chun laghdú 43,000 kWh a dhéanamh ar ídiú athfhillteach in aghaidh na bliana.
  - Uasghrádú ar shoilsiú agus ar aerchóiriú sa GLISB, a mheastar a mbeidh laghdú 41,000 kWh ar ídiú bliantúil athfhillteach leictreachais mar thoradh air.
  - Uasghrádú ar shoilsiú sa Phríomháras, a mheastar a mbeidh coigilteas 36,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
  - Uasghráduithe ar insliú agus ar bhrathadóireacht áitithe san fhoirgneamh PESS, a mheastar a mbeidh coigilteas 37,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.

**Gníomhaíochtaí Beartaithe do 2013/2014**

- Dlús a chur le cur i bhfeidhm thionscnamh an Champais Ghlais. Táthar ag lorg creidiúnú an Champais Ghlais faoi na catagóirí seo a leanas:
  - Fuinneamh
  - Taisteal agus iompar
  - Bithéagsúlacht

## NÓTA 34

### ÚSÁID FUINNIMH – ar lean

Mar chuid den Champas Glas cuirfear le feasacht fuinnimh i measc ghnáthphobal an champais trí Sheachtain Ghlas a eagrú.

- Bainfear úsáid as an eolas a chuir na mic léinn le chéile mar chuid de thionscnamh an Champais Ghlais chun eolas a chur ar fáil d'fheachtas feasachta fuinnimh agus chun ord tosaíochta a thabhairt do thionscnaimh choigilte fuinnimh.
- Tuilleadh plé a dhéanamh le mic léinn chun feasacht fuinnimh a chur chun cinn ar an gcampas.
- Leanúint ar aghaidh ag cur ranganna taobh amuigh de na gnáthuaireanta ar siúl sna foirgnimh is tíosaí ó thaobh an fhuinnimh de.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint agus ag tabhairt tús áite d'athfheistiú ar sheantrealamh agus ar threalamh neamhéifeachtach.
- Úsáid a bhaint as treochtaí EM&T chun deiseanna coigilte fuinnimh agus torthaí giarála a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint.

## NÓTA 35

### CEADÚ RÁITIS AIRGEADAIS

Is ar an Údarás Rialaithe atá an fhreagracht chun ráitis airgeadais na hOllscoile a fhaomhadh.

## OLLSCOIL LUIMNIGH

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA

Do Bhaill Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar na Ráitis Airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 22.

**Freagrachtaí na hOllscoile agus na nIniúchóirí faoi seach**

Tá an Ollscoil, mar atá rianaithe ar leathanach 3, freagrach as ullmhú na Ráiteas Airgeadais a ullmhaíodh ag teacht le Comhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna. Is é is freagracht dúinn ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin ag teacht leis na caighdeáin iniúchóireachta atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta le feidhmiú in Éirinn.

D'ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill an Choiste Feidhmiúcháin agus dóibh sin amháin mar chomhlacht ag teacht lenár gceapachán . Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn aon fhreagracht chun críche ar bith eile ná do dhuine ar bith eile dá dtaispeáintear an tuarascáil seo dó nó dá dtiocfadh sí ar lámh dó, ach má aontaímid leis sin d'aon ghnó trí réamhchead a thabhairt i scríbhinn.

Tuairiscímid duit ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais a bheith ullmhaithe go cuí ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna mar a ghlac na hOllscoileanna Éireannacha ar fad leis. Cuirimid in iúl cibé acu a fuaireamar nó nach bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo chun críche an iniúchta agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais. Tuairiscímid duit chomh maith ár dtuairim maidir leis na leabhair cuntais chearta a bheith coimeádta ag an Ollscoil.

**Bonn na Tuairime**

Dheineamar ár n-iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2013 ag teacht leis na Caighdeáin Iniúchta atá eisithe ag an mBord um Cheachtais Iniúchóireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na nochtuithe sna Ráitis Airgeadais. Cuimsíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúntais suntasacha a dhein an Ollscoil agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, agus ar an raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hOllscoile, ar cuireadh i bhfeidhm go rianúil iad agus an ndearnadh leornochtadh orthu.

Dheineamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú d'fhonn an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo a fháil d'fhonn soláthar a dhéanamh dúinn ar fhianaise le cinnteacht réasúnta go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó ráiteas neamhchruinn, cibé acu le calaois, nó ainrialtacht eile nó dearmad é. Ag teacht ar ár dtuairim dúinn, dheineamar measúnú chomh maith ar leorfhiúntas an léiriúcháin ar eolas sna Ráitis Airgeadais.

**Tuairim**

In ár dtuairimne d'ullmhaíodh Ráitis Airgeadais na hOllscoile don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2013 ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. In ár dtuairimne choimeád an Ollscoil leabhair oiriúnacha cuntais. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

**PricewaterhouseCoopers**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Luimnigh**

**4 Aibreán 2014**

## OLLSCOIL LUIMNIGH

## ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS

| | 2008/09 €'000 | % | 2009/10 €'000 | % | 2010/11 €'000 | % | 2011/12 €'000 | % | 2012/13 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coláistí agus Ranna | 67,741 | 40 | 65,686 | 42 | 62,889 | 42 | 67,134 | 43 | 66,930 | 43 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 31,017 | 18 | 25,472 | 16 | 22,348 | 15 | 24,282 | 16 | 25,196 | 16 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe Eile | 17,693 | 11 | 17,061 | 11 | 16,151 | 11 | 9,194 | 6 | 10,223 | 7 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 11,144 | 7 | 10,164 | 6 | 9,402 | 6 | 9,186 | 6 | 9,699 | 6 |
| Áitreabh | 12,684 | 8 | 12,755 | 8 | 12,497 | 8 | 12,495 | 8 | 12,846 | 8 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 10,449 | 6 | 10,862 | 7 | 11,295 | 8 | 12,334 | 8 | 14,428 | 9 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 1,946 | 1 | 1,935 | 1 | 2,024 | 1 | 1,875 | 1 | 2,580 | 2 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 3,955 | 2 | 3,783 | 2 | 3,726 | 2 | 3,374 | 2 | 3,701 | 2 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 9,293 | 6 | 8,994 | 6 | 9,134 | 6 | 14,631 | 9 | 9,968 | 6 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 1,487 | 1 | 1,591 | 1 | 1,100 | 1 | 1,207 | 1 | 1,425 | 1 |
| Iomlán | 167,409 | 100 | 158,303 | 100 | 150,566 | 100 | 155,712 | 100 | 156,996 | 100 |

Ní chuimsíonn an achoimre 5 bliana caiteachas a dhein Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál ná cuid na hOllscoile do dhíluacháil bhliantúil.